Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Aibreán 2024
(OR. en)

8350/24
PV CONS 17
AGRI 296
PECHE 133

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

26 Márta 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 7899/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 7982/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.
Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 7984/24

**Talmhaíocht**

**1. An Rialachán maidir le tásca geografacha agus scéimeanna cáilíochta** ❶C 7418/24 + ADD 1
PE-CONS 72/23
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2) agus an chéad mhír d'Airteagal 118 CFAE).
Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Taighde**

**2. Cinneadh lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach** ❶C 7609/24
PE-CONS 98/23
RECH
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 185 agus an dara mír d'Airteagal 188 CFAE).

**Teileachumarsáid**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* | ❶C | 7570/24<br>PE-CONS 68/23<br>+ COR 1<br>TELECOM |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

**Cultúr/Ábhair Chlosamhairc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.** | **Rialachán maidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* | ❶C | 7962/1/24 REV 1<br>+ ADD 1 REV 1<br>PE-CONS 4/24<br>AUDIO |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, vótáil an Ungáir ina choinne (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).
Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **An Treoir maidir le Slabhraí Nóiníní**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* | ❶C | 7608/24<br>PE-CONS 94/23<br>EF |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

**Ceartas agus Gnóthaí Baile**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | **An Treoir maidir leis an gcomhshaol a chosaint tríd an dlí coiriúil**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* | ❶C | 7649/24 + ADD 1<br>+ ADD 1 COR 1<br>PE-CONS 82/23<br>+ COR 2<br>COPEN |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, staon an Ghearmáin ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 83(2) CFAE).

I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

TALMHAÍOCHT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Freagairtí gasta struchtúracha ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair in earnáil na talmhaíochta: obair leantach ar na cinntí a rinne an Coimisiún — 8027/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

4. Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin[1] — 8058/24
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Seisiún tuairimíochta*

**Aon ghnó eile**

**5.** Talmhaíocht

(a) Glao práinneach ar ghníomhaíocht: Dúshláin d'fhiontair talmhaíochta agus foraoiseachta na hEorpa a eascraíonn as an Rialachán maidir le dífhoraoisiú i gcomhthéacs na géarchéime talmhaíochta atá ann faoi láthair — 8028/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na hOstaire, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Fionlainne, na hIodáile, na Polainne, na Slóivéine, na Slóvaice agus na Sualainne*

(b) Toradh chruinniú na n-airí talmhaíochta Nordacha agus Baltacha (Trakai, an Liotuáin, an 21 Feabhra 2024) — 8018/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Liotuáine, thar ceann thoscaireachtaí na Danmhairge, na hEastóine, na Fionlainne, na Laitvia, na Liotuáine agus na Sualainne*

**(c) Toradh imeachtaí na hUachtaránachta ar thodhchaí na talmhaíochta agus CBT** — 8021/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le toradh na n-imeachtaí a d'eagraigh sí ar thodhchaí na talmhaíochta agus CBT. Thug sí dá haire freisin an freagra ón gCoimisiún chomh maith le barúlacha na dtoscaireachtaí.

[1] Agus Aire Beartais Talúntais agus Bia na hÚcráine i láthair.

(d) Iarratas na Fraince ar phost Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) — 7978/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Fraince*

**(e) Siompóisiam '*Call to Care for Animal Welfare*' [Glao ar ghníomhaíocht do Leas Ainmhithe] (an Bhruiséil, an 29 Eanáir 2024): ceachtanna a foghlaimíodh agus an bealach chun cinn** — 2 — 8025/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an siompóisiam dar teideal '*Call to Care for Animal Welfare*' [Glao ar ghníomhaíocht do Leas Ainmhithe]. Thug sí dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí agus an Coimisiún.

**(f) Tograí reachtacha reatha atá á scrúdú faoi láthair**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)
**(Rialachán maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha)**

**A thábhachtaí atá sé straitéisí nua pórúcháin plandaí a chur ar fáil don earnáil agraibhia bunaithe ar theicnící eagarthóireachta géanóim, d'fhonn inbhuanaitheacht, athléimneacht agus brabúsacht na hearnála a fheabhsú** — ❶C — 8035/1/24 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Spáinne, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Danmhairge, na hEastóine, **na hÉireann**, na Fionlainne, na hIodáile, na hÍsiltíre, na Portaingéile, na Seice agus na Sualainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Spáinne ar fáil, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Danmhairge, na hEastóine, na hÉireann, na Fionlainne, na hIodáile, na hÍsiltíre, na Portaingéile, na Seice agus na Sualainne maidir lena thábhachtaí atá sé straitéisí nua pórúcháin plandaí a chur ar fáil don earnáil agraibhia bunaithe ar theicnící eagarthóireachta géanóim, d'fhonn inbhuanaitheacht, athléimneacht agus brabúsacht na hearnála a fheabhsú. Thug an Chomhairle dá haire freisin na tuairimí ó roinnt toscaireachtaí agus ón gCoimisiún.

Iascach

**(g) Scrúdú ar an ngné shocheacnamaíoch i mbainistiú iascaigh i bhfianaise an bhreithiúnais i gCás C-330/22** [P2] 7846/2/24 REV 2

*Faisnéis ó thoscaireacht na Spáinne, le tacaíocht ó thoscaireacht na Bulgáire, na Liotuáine, na Polainne agus na Portaingéile*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Spáinne ar fáil, agus ar thacaigh toscaireachtaí na Bulgáire, na Liotuáine, na Polainne agus na Portaingéile léi, maidir le breithnithe socheacnamaíocha i mbainistiú iascaigh i bhfianaise an bhreithiúnais i gcás cúirte C-330/22, chomh maith le barúlacha a thug toscaireachtaí eile agus an Coimisiún.

**(h) An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus Tacaíocht – Cúiteamh i gcás Teagmhais Eisceachtúla - ar lean** [P2] 8077/24

*Faisnéis ó thoscaireacht na Portaingéile, thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Cipire, na Fraince, Mhálta, na Polainne, na Portaingéile, na Seice, na Spáinne agus na hUngáire*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Portaingéile ar fáil, thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Cipire, na Fraince, Mhálta, na Polainne, na Portaingéile, na Seice, na Spáinne agus na hUngáire maidir leis an obair leantach ar an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus Tacaíocht — Cúiteamh i gCás Teagmhais Eisceachtúla, chomh maith leis na barúlacha a thug toscaireachtaí eile agus an Coimisiún.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[P2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 7984/24**

**Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':**

**An Rialachán maidir le tásca geografacha agus scéimeanna cáilíochta**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

'Cuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i dtreis gur faoin gCoimisiún amháin a bheidh an fhreagracht na nósanna imeachta uile a bhaineann le tásca geografacha a rialaítear leis an Rialachán seo.

Tugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle dá n-aire nach bhféadfar cúnamh a thabhairt don Choimisiún, ach amháin maidir le cúraimí riaracháin a chur i gcrích, más féidir agus a mhéid is féidir sin a dhéanamh faoin gcreat dlíthiúil atá ann cheana.

Ar mhaithe leis an trédhearcacht, iarrtar ar an gCoimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas gach bliain maidir leis an gcúnamh a fuarthas agus na cúraimí sin á bhfeidhmiú.'

**Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':**

**Rialachán maidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC**

'Athdhearbhaíonn an Fhrainc a tiomantas buanseasmhach do shaoirse, neamhspleáchas agus iolrachas na meán, arb iad colúin an daonlathais agus an smachta reachta iad, agus a tiomantas daingean prionsabail agus bunluachanna an Aontais Eorpaigh a chosaint.
Déantar foráil sna Conarthaí maidir le cosaint na luachanna sin, go háirithe Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus, tá an méid sin gan dochar d'Airteagal 4(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus dá chur chun feidhme.'

I ndáil leis sin, agus i dtaobh na mBallstát, urramóidh an tAontas 'a bhfeidhmeanna sár-riachtanacha Stáit, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú, an smacht reachta a chaomhnú agus an tslándáil náisiúnta a choimirciú. Fanfaidh an tslándáil náisiúnta, go háirithe, ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin.'

Den mheon sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 4, mír 9, den Rialachán seo, cuireann an Fhrainc in iúl gur faoi na Ballstáit amháin atá sé a slándáil náisiúnta a choimirciú. Níor cheart, dá bhrí sin, go ndéanfadh forálacha an Rialacháin seo aon difear d'fheidhmiú iomlán na freagrachta sin ná do na bearta a ghlactar sa chomhthéacs sin.

Thairis sin, tugann an Fhrainc dá haire, bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nach bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar an Rialachán seo go ndéanfar comhchuibhiú ar na rialacha maidir le nósanna imeachta coiriúla. Dá dheasca sin, déantar príomhchoincheapa an nós imeachta choiriúil, lena n-áirítear coincheap na coireachta tromchúisí, agus na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus (4) a shainiú, agus ní mór iad a shainiú i gcónaí, i gcomhréir le dlí gach Ballstáit.'

**RÁITEAS ÓN IODÁIL**

'Tacaíonn an Iodáil go láidir le tionscnaimh an Aontais Eorpaigh maidir le saoirse, neamhspleáchas agus iolrachas na meán a chur chun cinn, chomh maith le cur i gcoinne na bréagaisnéise agus iarrachtaí ó thríú tíortha cur isteach ar an gcóras faisnéise.

Tagann cosaint na luachanna sin faoin gcreat atá bunaithe sna Conarthaí, go háirithe in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, gan dochar d'fhorálacha Airteagal 4(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus dá chur chun feidhme, ina sonraítear i dtaobh na mBallstát go n-urramóidh an tAontas 'a bhfeidhmeanna sár-riachtanacha Stáit, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú, an smacht reachta a chaomhnú agus an tslándáil náisiúnta a choimirciú. Fanfaidh an tslándáil náisiúnta, go háirithe, ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin'.

Ag teacht leis an meon sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán maidir le Saoirse na Meán, meabhraíonn an Iodáil gur faoi shainchúram na mBallstát amháin atá sé a áirithiú go gcosnófar a slándáil náisiúnta. Dá bhrí sin, ní féidir le forálacha an Rialacháin sin difear a dhéanamh ar bhealach ar bith d'fheidhmiú iomlán na freagrachta sin ná d'aon bhearta a ghlactar sa chomhthéacs sin.

Thairis sin, mar a léirigh an Coimisiún Eorpach i ráiteas lena léirmhínítear an Rialachán, tugann an Iodáil dá haire nach féidir leis an Rialachán, atá bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, rialacha a bhaineann leis an nós imeachta coiriúil a chomhchuibhiú. Dá réir sin, déantar príomhchoincheapa an nós imeachta choiriúil, lena n-áirítear príomhchoincheapa a bhaineann le cionta coiriúla tromchúiseacha, agus na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus 4(5) a shainiú, agus ní mór iad a shainiú i gcónaí i gcomhréir le dlí gach Ballstáit.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Tá an Ungáir tiomanta láimhseáil iomchuí a dhéanamh ar na saincheisteanna a rialaítear sa togra maidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, mar shampla neamhspleáchas eagarthóireachta a áirithiú, faireachas rúnda ar iriseoirí a eisiamh i ndáil le foinsí iriseoireachta, nó na forálacha maidir leis na meáin phoiblí a athchóiriú. Measaimid gur luach tábhachtach é rochtain gan srian ar ábhair éagsúla sna meáin. Is díol sásaimh dúinn go bhfuil an rialachán maidir le hardáin ollmhóra sa togra.

Mar sin féin, i bhfianaise struchtúir éagsúla na meán sna Ballstáit, seasaimid leis an méid atá ráite againn arís agus arís eile, is é sin go mbeadh sé inmhianaithe gan ach rialacha agus prionsabail ghinearálta a chur a bun le haghaidh na réimsí dlíthiúla a rialaítear faoin nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán. Dá bhrí sin, bheadh treoir nó moladh níos oiriúnaí mar ionstraim rialála ná rialachán.

Thugamar le fios freisin roinnt uaireanta le linn na caibidlíochta gurb é atá sa togra, dar linn, ag go leor pointí, idirghabháil ar cheannasacht na mBallstát, agus nach údar leordhóthanach é bunús dlí sonraithe chun an Rialachán a ghlacadh maidir lena airteagail uile. Sáraíonn ceart chun tuairime an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Meán atá le bunú leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán inniúlacht údaráis na mBallstát. Dar linne, ardaítear ceisteanna freisin faoi indéantacht phraiticiúil neamhspleáchas an bhoird ón gCoimisiún. D'fhéadfadh na forálacha de chineál an dlí choiriúil atá in Airteagal 4 a bheith ina gcúis le héiginnteacht dhlíthiúil mar gheall ar na córais éagsúla nós imeachta choiriúil sna Ballstáit. Tá gá le breis solúbthachta agus saoirse léirmhínithe sna forálacha sin chun déileáil leis na difríochtaí i gcórais nós imeachta choiriúil na mBallstát.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Ní hé is aidhm don Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán ('EMFA') príomhchoincheapa an nós imeachta choiriúil dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de EMFA a chomhchuibhiú, mar a mhínítear in Aithris 22 de EMFA.
Údaráis um imscrúdú breithiúnach a bhíonn ag gníomhú ar bhealach neamhspleách neamhchlaonta, mar a shoiléirítear in Aithris 21 de EMFA, is údaráis chinnteoireachta iad atá inniúil faoin dlí náisiúnta chun dul i muinín na mbeart comhéigneach dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de EMFA.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'A':** | **An Treoir maidir leis an gcomhshaol a chosaint tríd an dlí coiriúil**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Tacaíonn an Bhulgáir go hiomlán le cuspóirí an togra le haghaidh na Treorach maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil.

Mar sin féin, maidir leis an 'cion cáilithe' faoi Airteagal 3, mír 3 den Treoir a tugadh isteach le linn na caibidlíochta idirinstitiúidí, is mian linn a chur in iúl gur cúis imní dúinn go bhfuil easpa soiléireachta sa chuid oibríochtúil faoin ngné *mens rea* den chion, i.e. nach féidir é a dhéanamh ach d'aon ghnó nó an féidir é a dhéanamh trí mhórfhaillí freisin. Ina theannta sin, is ábhar imní dúinn go bhfuil easpa soiléireachta sa chuid oibríochtúil agus sa bhrollach faoin gcomhghaol idir an cion cáilithe agus na himthosca géaraitheacha faoi Airteagal 8 agus leibhéal agus cineál na smachtbhannaí nó na mbeart atá le cur i bhfeidhm maidir leis an gcion cáilithe (Airteagal 7, mír 4). Táimid den tuairim i ngeall ar an easpa soiléireachta thuas go bhféadfadh deacrachtaí tromchúiseacha a bheith ag na Ballstáit i dtaobh thrasuí na Treorach agus chur chun feidhme na reachtaíochta náisiúnta lena mbaineann.

Ina theannta sin, is oth linn nár tugadh aghaidh le linn na caibidlíochta ar na hábhair imní atá againn maidir leis an gcur chuige difreáilte i dtaobh smachtbhannaí a fhorchur ar dhaoine dlítheanacha, ag brath ar cé acu a ghníomhaítear nó nach ngníomhaítear a ndliteanas faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 d'Airteagal 6 (Airteagal 7, mír 3). Tá sé curtha in iúl againn cheana féin go mbeadh iarmhairtí diúltacha ag cur chuige difreáilte i dtaobh smachtbhannaí a fhorchur ar dhaoine dlítheanacha, cuir i gcás: ní bheadh an méid sin ag teacht le prionsabal an chórais aontaithe smachtbhannaí a chuirtear i bhfeidhm maidir le daoine dlítheanacha arna bhunú ag coinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa, na Náisiún Aontaithe agus ECFE agus ba shárú breise ar chomhsheasmhacht agus comhleanúnachas reachtaíocht an Aontais a bheadh ann i ndáil leis an tsaincheist sin; bheadh mearbhall coincheapúil, reachtach agus praiticiúil sna Ballstáit a bhfuil bearta glactha acu i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana; thabharfadh sé le fios do na Ballstáit go bhféadfaidís smachtbhannaí corparáideacha nach bhfuil chomh héifeachtach, comhréireach, athchomhairleach céanna a ghlacadh i leith coireanna comhshaoil arna ndéanamh ag daoine faoi údarás, fiú dá mba choireanna chun tairbhe an duine dhlítheanaigh iad, agus a dhéanfadh damáistí tromchúiseacha; bheadh baol ann go mbainfeadh daoine dlítheanacha mí-úsáid as an méid sin ionas go bhféadfaidís coireanna comhshaoil a eagrú go héasca chun nach ngearrfaí smachtbhannaí éifeachtacha orthu; agus bheadh baol ann go n-éascófaí siopadóireacht dlínse chomh maith.

Ar deireadh, chuireamar in iúl gur cúis imní dúinn gur cuireadh an téarma 'pionóis' in ionad an téarma 'smachtbhannaí' sna forálacha faoi seach agus i mbrollach na Treorach le linn an athbhreithnithe theangeolaíoch ar an téacs Béarla gan cúiseanna substaintiúla teanga ná dlí a thabhairt don athrú téarmaíochta tábhachtach seo. A mhéid a bhaineann leis an tsaincheist sin, tá sé luaite againn go n-úsáidtear an téarma 'smachtbhannaí' go comhsheasmhach sna treoracha maidir leis an dlí coiriúil agus sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a glacadh laistigh de Chomhairle na hEorpa, na Náisiúin Aontaithe agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), agus go dtí seo nach raibh sé ina chúis mhíthuisceana ná ina chúis mhearbhaill ar leibhéal an Aontais ná ar an leibhéal náisiúnta. Lena chois sin, úsáidtear an téarma 'smachtbhannaí' i bhforáil Airteagal 83, mír **2** CFAE agus, dá bhrí sin, tá an t-athrú téarmaíochta thuas ar neamhréir leis an mbunús dlí don togra le haghaidh na Treorach.'

**RÁITEAS ÓN bhFIONLAINN**

‘Tá an Fhionlainn tiomanta go hiomlán d’iarracht a dhéanamh ardleibhéal cosanta comhshaoil a bhaint amach agus aithníonn sí go bhfuil an dlí coiriúil ar cheann de na bealaí chun an aidhm sin a bhaint amach. Le linn na caibidlíochta, thacaigh an Fhionlainn go hiomlán le cuspóirí an togra le haghaidh na Treorach maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil. Measann an Fhionlainn, áfach, go n-áirítear sa chomhaontú maidir leis an Treoir nua oibleagáidí nach bhfuil ailínithe go leordhóthanach le cuid de na bunphrionsabail atá i ndlí coiriúil an Aontais.

Ar an gcéad dul síos, leagtar síos in Airteagal 49 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis. Faoi Airteagal 49(3), níor cheart déine na bpionós a bheith díréireach leis an gcion coiriúil. Cé go measann an Fhionlainn go bhfuil sé tábhachtach forálacha daingne maidir le freagracht choiriúil agus pionóis a áireamh sa Treoir, measann an Fhionlainn go dtéann comhchuibhiú na bpionós sa Treoir go pointe áirithe thar a bhfuil bonn cirt leis ó thaobh raon agus leibhéal na bpionós agus ó thaobh chórais na mBallstát atá ann cheana. Nuair a chinntear leibhéil choiteanna smachtbhannaí, ba cheart aird chuí a thabhairt ar leibhéal foriomlán dhéine na gcóras náisiúnta smachtbhannaí, agus ar chomhleanúnachas na gcóras náisiúnta ina n-iomláine.

Ina theannta sin, is é atá i gcroílár Airteagal 83 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainiú. Leagtar béim in Airteagal 83 agus in Airteagal 67 CFAE ar a thábhachtaí atá sé traidisiúin dlí agus gnéithe bunúsacha na gcóras ceartais choiriúil náisiúnta a choimirciú. Áirítear sa Treoir nua roinnt pointí tábhachtacha nach amháin ina bhfuil an comhchuibhiú an-mhionsonraithe ach ina bhfuil sé cothrománach freisin sa mhéid go ndéanfadh sé difear suntasach do gach catagóir cionta eile chomh maith leis na cionta comhshaoil féin. Measann an Fhionlainn go bhfuil sé tábhachtach cloí le cineál dhlí coiriúil an Aontais mar chomhchuibhiú íosta sna réimsí sonracha dá bhforáiltear in CFAE.

Tá an Fhionlainn den tuairim, go mór mór i dtaobh fhorálacha na Treorach nua maidir le pionóis, agus na bhforálacha sin maidir le pionóis do dhaoine dlítheanacha agus go háirithe maidir leis an gcion cáilithe, nach ndealraíonn sé go bhfuil siad go hiomlán comhsheasmhach le prionsabal na comhréireachta agus le bunús an chomhchuibhithe íosta.’